Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2024**
**(OR. en)**

**10214/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0265(COD)**

**TRANS 245**
**CLIMA 211**
**ENV 541**
**COMPET 583**
**CODEC 1329**

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe / an Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 11722/23 + ADD 1 |
| Ábhar: | Ullmhúchán don chruinniú den Chomhairle (Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh), an 18 Meitheamh 2024<br>Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 96/53/CE ón gComhairle lena leagtar síos, le haghaidh feithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal, na toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus na meáchain údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta<br>– Tuarascáil ar dhul chun cinn |

## I. RÉAMHRÁ

1. Chuir an Coimisiún an togra chun leasú a dhéanamh ar Threoir 96/53/CE ón gComhairle lena leagtar síos, le haghaidh feithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal, na toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus na meáchain údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta, dá ngairtear anseo feasta ‘an Treoir maidir le Meáchain agus Toisí le haghaidh feithiclí bóthair áirithe’, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an 13 Iúil 2023 mar chuid den Phacáiste um Iompar a Ghlasú.

2. Thíolaic an Coimisiún an Pacáiste um Iompar a Ghlasú ina dhá chuid. Moladh an chéad chuid an 13 Iúil 2023 agus is éard atá ann an togra thuasluaite, in éineacht le togra le haghaidh Rialachán le haghaidh creat comhchuibhithe le haghaidh astaíochtaí gás ceaptha teasa ó sheirbhísí iompair lastais agus paisinéirí (tionscnamh 'CountEmissionsEU') agus togra le haghaidh Rialachán maidir leis an toilleadh iarnróid a úsáid sa limistéar Eorpach aonair iarnróid.

Moladh an dara cuid den phacáiste an 7 Samhain 2023, agus is éard atá ann an togra lena leasaítear an Treoir ón gComhairle a mhéid a bhaineann le creat tacaíochta le haghaidh iompar idirmhódúil earraí agus an Rialachán a mhéid a bhaineann le coigilteas costas seachtrach a ríomh agus sonraí comhiomlánaithe a ghiniúint (an Treoir maidir le hIompar Comhcheangailte).

3. Tá trí chuspóir ag an togra chun an Treoir maidir le Meáchain agus Toisí le haghaidh feithiclí bóthair áirithe a leasú: (a) saorghluaiseacht éifeachtúil earraí agus iomaíocht chóir a áirithiú ar bhealach níos fearr, (b) dreasachtaí leordhóthanacha a chur ar fáil don earnáil chun infheistíocht i dteicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha a spreagadh agus (c) a áirithiú go ndéanfar na rialacha nua agus na rialacha atá ann cheana a fhorfheidhmiú ar bhealach níos éifeachtúla agus níos comhsheasmhaí.

## II. AN OBAIR SNA HINSTITIÚIDÍ EILE

4. D'ainmnigh Parlaimint na hEorpa an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) mar an coiste atá freagrach as an togra seo agus Isabel GARCIA MUÑOZ (S&D, ES) mar rapóirtéir. Ghlac Parlaimint na hEorpa a tuarascáil ag an seisiún iomlánach a bhí aici an 12 Márta 2024.

5. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an togra ag an 582ú seisiún iomlánach an26 Deireadh Fómhair 2023. Ghlac Coiste na Réigiún a thuairim ag an 159ú seisiún iomlánach ar an 31 Eanáir 2024.

## III. AN OBAIR I DTIONÓL NA COMHAIRLE AGUS A COMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN

6. Chuir an Mheitheal um Iompar de Thalamh tús lena cuid oibre an 24 Iúil 2023 le cur i láthair ginearálta ar an togra agus le scrúdú ar an measúnú tionchair. Rinne an Mheitheal scrúdú ar an togra an 4 agus an 19 Meán Fómhair, an 6, an 16 agus an 23 Deireadh Fómhair agus an 13 Samhain. Chuir Uachtaránacht na Spáinne tuarascáil ar dhul chun cinn faoi bhráid na Comhairle (15668/23) an 4 Nollaig 2023.

7. Faoi Uachtaránacht na Beilge, lean an Mheitheal den scrúdú ar chomhréitigh ón Uachtaránacht an 23 Aibreán, an 7 Bealtaine, an 21 Bealtaine agus an 7 Meitheamh 2024.

## IV. AG OBAIR I DTREO COMHRÉITIGH

8. Le linn Uachtaránacht na Beilge, díríodh san obair ar réiteach a aimsiú chun feithiclí níos troime a cheadú ar bhóithre na hEorpa, ós rud é go bhfuil imní ar roinnt Ballstát go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith aige sin ar a mbonneagar bóthair agus go bhféadfadh sé an tsábháilteacht a chur i mbaol. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás na mBallstát sin a bhfuil go leor tráchta idirthurais acu. Chun an tionchar sin a theorannú, mhol an Uachtaránacht foirmle maolaithe tionchair bonneagair a chur isteach san Iarscríbhinn chun achar leordhóthanach a áirithiú idir na hacastóirí éagsúla, mar choinníoll breise d’fheithiclí cúig acastóir agus sé acastóir, agus mhol Ballstáit eile freisin acastóirí breise a chur leis an bhfeithicil. Ar an iomlán, mheas roinnt Ballstát go bhféadfadh an fhoirmle atá beartaithe a bheith ina bealach chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin. Chomh maith leis sin, ba dhíol sásaimh do go leor Ballstát, i ndáil leis sin, meáchan uasta 46 thona do gach feithicil, mar atá sa treoir atá ann faoi láthair.

9. Cuireadh roghanna éagsúla i láthair chun teacht ar réiteach <u>chun go mbeidh feithiclí astaíochtaí nialasacha in ann meáchan breise na teicneolaíochta astaíochtaí nialasacha a chúiteamh</u>. Tá fadhbanna ag roinnt Ballstát maidir le hualach níos troime a cheadú ar an acastóir tiomáinte (os cionn 11.5 tona), rud a bheadh ag teastáil ó chumraíochtaí áirithe feithiclí chun meáchan breise ceithre thona a bhainistiú. Fuair togra comhréitigh inar deonaíodh 12 thona ar an acastóir tiomáinte d’fheithiclí ceallra-leictreacha amháin roinnt tacaíochta ach d’áitigh tromlach na mBallstát go gcuirfí teorainn 11.5 tona leis. Measann roinnt Ballstát freisin go bhfuil sé an-deacair níos mó ná dhá thona bhreise a cheadú d’fheithiclí astaíochtaí nialasacha.

10. Baineann an phríomh-shaincheist eile atá fós gan réiteach leis na Ballstáit a cheadaíonn cúrsaíocht cónasc feithiclí níos troime ná 40 tona in iompar náisiúnta agus conas a d'fhéadfaí cead a thabhairt do na cónaisc feithiclí níos troime sin gluaiseacht sa trácht idirnáisiúnta. Tá gealladh faoin moladh maidir le ceanglais shonracha theicniúla nó oibríochtúla a cheadú, ach tá níos mó oibre ag teastáil ina leith. Lorgaíodh tuilleadh réiteach tríd an raon feidhme a theorannú d'fheithiclí EURO VI agus trí mheáchan breise a cheadú do theicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha chun dreasacht a thabhairt d'úsáid feithiclí astaíochtaí nialasacha sa trácht idirnáisiúnta. Ina theannta sin, pléadh réiteach an chlásail cosanta freisin. Bheadh údarú ón gCoimisiún ag teastáil chuige sin agus bheadh sé bunaithe ar fhianaise arna soláthar ag Ballstát. Cuireadh an smaoineamh sin isteach sa téacs chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní atá ag roinnt toscaireachtaí maidir leis an mbaol a bhaineann le haistriú módúil aisiompaithe. Chomh maith leis sin, ceistíonn roinnt Ballstát cén fáth nár cheart feidhm a bheith ag an lamháltas meáchain breise ó 2035 ar aghaidh ach amháin maidir le feithiclí astaíochtaí nialasacha.

11. Thosaigh an Mheitheal ag féachaint ar ghréasán dearfach de bhóithre TEN-T in Airteagal 7, áit a bhféadfaí cead a thabhairt d'fheithiclí níos troime tiomáint. Ní mór níos mó oibre a dhéanamh le fáil amach an bhféadfadh an rogha sin a bheith ina cabhair. Bheadh ar na Ballstáit léargas níos fearr a fháil ar na coinníollacha le haghaidh líonra den sórt sin.

## V. CONCLÚID

12. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Coreper agus ar an gComhairle an tuarascáil seo ar dhul chun cinn a thabhairt dá n-aire maidir leis an obair i ndáil leis an athbhreithniú atá beartaithe ar an Treoir maidir le Meáchain agus Toisí le haghaidh feithiclí bóthair áirithe.